


# AISTEAR – Féiniúlacht agus Muintearas

Is faoi pháistí ag mothú go bhfuil ardmheas orthu mar chuid dá dteaghlaigh agus dá bpobail agus go mbeadh dearcadh dearfach acu féin astú féin an téama **féiniúlacht agus muintearas**. Cuideoidh na leabhair sa mbailiúchán seo cur le cumas na bpáistí féiniúlacht láidir a chothú, mar chuid de theaghlach nó mar chuid de ghrúpa. Foghlaimeoidh said faoi chairdeas, a gcearta, freagrachtaí agus chomhoibriú.




comhairle chontae na mí  
*meath county council*




**‘Ná bain le mo chúisín’**  
**Gérard Moncomble agus Frédéric**  
**Futa Fata**

Gabh mo leithscéal? Tá boladh ó mo chúisín? Mo chúisín álainn, compordach? Agus tá Sibéal ag iarraidh é a ní! Sciobhann sí uaim é. Bhuel, ní ghlacfaidh mise leis sin. Tá mé ag imeacht ón teach gránna seo agus na daoine craiceáilte atá ann. Slán, a Shibhéal. Slán go deo!




**‘Bhí Fathaigh Ann Uair’**  
**Martin Waddell, Penny Dale agus Aoibheann Uí Chearbhaill**  
**Gill and Macmillan**

Bhí leanbh sa teach uair agus, dar leis an leanbh seo, bhí Mam, Daid, Seán, Síle agus Uncail Tomás ina bhfathaigh. Ach diaidh ar ndiaidh d’fhás an leabh – go dtí gur deineadh fathach di féin!




**‘Mo Theachín gan Chuma gan Chaoi’**  
**Julia Donaldson and Axel Scheffler**  
**Futa Fata**

Níl an tseanbhean píoc sásta – tá a teachín i bhfad róbhéag, fiú dhuine amháin. Ach cad is féidir a dhéanamh?



**‘Percy Péacóg’**  
**Gemma Breathnach agus Tarsila Krüse**  
**Futa Fata**

Tá Percy Péacóg cuthail. Ní maith leis aird, ach tá rud amháin, mór álainn, ildaite ag baint le Percy a tharraingníonn go leor airde air! Ní maith le Percy Péacóg nuair a bhíonn daoine ag féachaint air. Ach is deacair gan féachaint air, uaireanta...




**‘An Fathach is breá sa tír’**  
**Julia Donaldson agus Axel Scheffler**  
**Futa Fata**

Féach orm siar is aniar – Is mé an fathach is breátha sa tír!” Tá Seoirse tuirseach de bheith gioblach. Tá sé an-sásta lena chuid éadaí nua, go dtí go mbuaileann sé le roinntaimhithe a bhfuil cúnamh uathu... agus éadaí!




**‘Bhí ag spraoi liom!’**  
**Sadhbh Devlin agus Tarsila Kruse**  
**Futa Fata**

Tá Lúna ag iarraidh ag dul ag taisteal le Mamaí ina Meaisín Ama na – ach inniu, tá go leor le dhéanamh ag Mamaí agus níl an t-am aici teacht. An féidir le Lúna í mhealladh le páirt a ghlacadh sa spraoi?



**‘Seoirse Bocht’**  
**Margaret Ryan agus Jonathan Langley**  
**Carroll Education Limited**


B’fhathach é Seoirse agus ba bhreá leis bheith ag canadh. Chan sé ar maidin. Chan sé um thráthnóna. Chan sé san fholcadán freisin! Ach níor thaitin an canadh seo le gach duine sa sráidbhaile. ‘Éirigh as an gcanadh sin!’ a dúirt siad.



**‘Mo Ghrá Sibh go Léir/ Is Geal Liom Sibh Go Léir’**  
**Sam McBratney agus Anita Jeram**  
**An Gúm**


Bhí Mamaí agus Daidí Béar ann tráth dá raibh agus bhí trí bhéirín acu. Gach oíche deireadh Mamaí nó Daidí an rud céanna leo go léir ‘Sibhse na béiríní is fearr ar domhan’. Ach tar éis tamaill thosaigh na béiríní ag cuimhneamh ar bhrí na bhfocal sin. An fíor i ndáiríre go raibh an cion céanna ag a dtuismitheoirí othru go léir?






**'An Coileach Codlatach'**  
**Nuala Nic Con Iomaire agus Donough O'Malley**  
**Futa Fata**

Coileach caridiúil cneasta é Cáilín. Ach tá laige uafásach amháinag baint leis – níl sé in ann éirí ar maidin! Agus níl an feirmeoir sásta – cén mhaith coileach a bheith aige nuair is madra a bhíonn ag fógairt an lae? Ach athraíonn gach rud nuair a thagann cuairteoir nach raibh súil ar bith leis... Tá an scéal bríomar, tá na pictiúir go haoibhinn – beidh idir óg agus aosta faoi dhraíocht ag Cáilín agus a chairde!




**'Scúnc agus Smúirín'**  
**Muireann Ní Chíobháin agus Paddy Donnelly**  
**Futa Fata**

Tá grá mór ag Scúnc do Smúirín aguys don bholadh SPEISIALTA atá uaidh. Ach nuair a chailleann Smúirín an boladh sin, tá Scúnc trína chéile. An féidir le Mamaí cúrsaí a chur ina gceart?




**'A Leithéid!'**  
**Gillian Lobel**  
**An Gúm**

Tháinig Caoimhe Corr ar uibheacha sa ghaineamh. Cén saghas uibheacha iad? Cé a d'fhág ansin iad? Bhí an spórt ag Caoimhe agus a cairde ag iarra



**'Jenny an chearc dheag dhonn'**  
**Dolores Keaveney**  
**Dbee Press**

Scéal é seo faoi chearc bheag, darb ainm Jenny, bhfuil comhludarde dhíth uirthi. Ach athraíonn a saol nuair a thagann Sylvester an Coileach chun fanacht léi...




**'Mise agus Tusa, a Bhéirín'**  
**Martin Waddell**  
**An Gúm**

'Rachaidh mise i bhfolach,' arsa Béirín...  
 Tá fonn spraoi ar Bhéirín inniu ach tá Béar Mór an-ghnóthach.



**'Mac Tíre na Draíochta'**  
**Laurence Dourguignon, Michaël Derullieux agus Tadhg Mac Dhonnagáin**  
**Futa Fata**


Nuair a bheireann Maidhceo an mac tíre ar choinín istigh ina theach, tá ionadh air. Ach nuair a thosaíonn an coinín ag déanamh cleasa draíochta, tá níos mó fós air. Ach an féidir le mac tíre a bheith cairdiúil le coinín? Agus céard a tharlóidh nuair a fhaigheann na mic tíre eile amach faoin gcara nua atá ag Maidhceo? Biedh gach duine sa teach lagaithe ag gáire ag an scéal iontach seo faoin mac tíre séimh, an coiní cleasach agus an cairdeas speisialta atá eatarthu.



**'Béiríní ag Troid!'**  
**Svetlana Petrovic agus Vincent Hardy**  
**Futa Fata**

Fuair Anna dhá bhronntanas dá béiríní -béirín donn agus béirín bán. Bhí sí sona sásta. Ach ansin, thosaigh an béirín donn agus an béirín bán ag troid! Bhí ar Anna iad a choinneáil amach óna chéile. Anois, tá na béiríní brónach. An féidir leo cabhrú lena chéile agus an troid a stopach?






### 'Scuabtha Chun Siúil'

**Julia Donaldson, Axel Scheffler agus Gabriel Rosenstock**  
An Gúm

Bhí cat ag an gcailleach --- Cailleach an hata –  
Ní srón a bhí uirthi ach saghas éigin fata! Bhí an cat crónán is ag gáire go baoth. Seo chugainn ar an scuabíad ag teacht ar an ngaoth!



### 'Oíche na Stoirme'

**Úna Leavy agus Peter Utton**  
An Gúm


Tráthnóna amháin, tagann gaoth láidir. Tagann stoirm! Fanann Chóilín, a Mhamáí, a Dhaid, an leanbh, an cat agus teidí Chóilín istigh. Déanann siad go leor rudaí le chéile.



### 'Tá mé an-mhór le Mamó agus le Daideo'

**Jennifer Moore-Mallions, Marta Fàbrega agus Tadhg Mac Dhonnagáin**  
Futa Fata


Bíonn an-chionn go minic ag páistí ar a gcuid seantuismitheoirí. Bíonn an-ghrá ag Mamó agus ag Daideo dá ngarchlann chomh maith céanna, iad chomh mór leo is a bhí siad lena gcuid páistí féin riamh. Spreagann an leabhar seo páistí chun machnamh a dhéanamh ar an gcairdeamh atá acu lena seantuismitheoirí agus chun a tábhacht atá leis an gcairdeamh sin ina saol a aithint agus a cheiliúradh.



### 'Mo Bhaile Beag Féin'


**Jonathann Emmett, Vanessa Cabban agus Gabriel Rosenstock**  
An Gúm

Níl Caocháí sásta lena bhaile beag foain talamh. 'Tá sé róbheag dom,' a deir sé, 'agus ródhorcha freisin'. As go brách leis chun baile nua a aimsiú dó féin! 'Teach BREÁ MÓR AERACH GEAL atá uaim!' a deir sé. Ach is deacair teacht ar an áit cheart na laethanta seo!




**‘Tomhais Méid Mo Ghrá Duit’**  
**Sam McBratney, Anita Jeram agus Gabriel Rosenstock**  
**Walker Éireann**

Nuair atá grá mór i do chroí agat do dhuine éigin... ba mhaith leat an grá sin a chur in iúl dó. Ach, faoi mar a fhaigheann Giorria Donn Óg agus Giorria Donn Mór amach, is deacair an grá a thomhas!




**‘Zog’**  
**Julia Donaldson, Axel Scheffler agus Tadhg Mac Dhonnagáin**  
**Futa Fata**

Is éard atá i gceist le Zog (as Gaeilge) ná leabhar pictiúr do leanáí le Julia Donaldson agus maisithe ag Axel Scheffler, faoi Dragon óg a bhfuil seans maith air-uirthi, darb ainm Zog, atá ag iarraidh a bheith ar an mac léinn is fearr sa scoil Dragon.



**‘Eileanór an Eilifint Éagsúil’**  
**Eric Drachman, James Muscarella agus Tadhg Mac Donnagáin**  
**Futa Fata**


Tá Eileanór an eilifint bheag ag iarraidh ceol a dhéanamh lena trunc, cosúil leis na heilifintí eile ar fad. Ach níl aici ach glór beag lag. Agus anuas air sin, tá easóg chrosta ag troid léi! An éireoidh léi a glór féin a fháil agus ceol breá láidir a dhéanamh?



**‘Ulchabháin Óga’**  
**Martin Waddell agus Patrick Benson**  
**Walker Éireann**


Istigh i gcoill, tá trí ulchabhán óga ina suí i gcrann, Sorcha, Peadar agus Dónall agus iad a smoineamh is ag feitheamh go dtiocfaidh Mamaí Ulchabhán abhaile.






**'Gobnait Gé'**  
**Marni McGee, Alison Edgson agus Tadhg Mac Donnagáin**  
**Futa Fata**

Nuair a deir an sionnach glic le Gobnait Gé go bhfuil a cluasa cailte aici tá Gobnait an-bhuartha. Cá bhfuil na cluasa? Ansin casann sí ar éan aisteach – atá ag díol péire cluas! Tá Gobnait Gé chomh sásta sin, nach dtugann sí faoi deara go bhfuil fiacla géara ag an éan aisteach agus eireaball mór rua. An mbeidh cairde Ghobnait in ann í a shábháil ó chlesáí gránna glic?




**'Cití Cailleach'**  
**Valerie Thomas, Korky Paul agus Liam Mac Cóil**  
**An Gúm**

Leagan Mór! Bhí cónaí ar Chití Cailleach i dteach dubh. Bhí mórán chuile shórt dubh sa teach sin – na cairpéid, na cathaoireacha, na pictiúir ar na ballaí, an leaba agus na braillíní féin. Bhí an folcadán dubh, go fiú. Ar ndóigh bhí an cat dubh freisin, rud a d'fhág fadhb ag an gCailleach. Ní bhíodh sí in ann é a fheiceáil nuair a bhíodh a shúile dúnta..... Beidh tú faoi dhraíocht le Cití agus a cat á lorg aici!



**'Rita agus an Róbat'**  
**Máire Zepf, Andrew Whitson**  
**An tSnáthaid Mhór**


Is Cailín beag í Rita le smaointe móra. Tá a seomra leapa ina phraiseach, ach samhlaíonn Rita go bhfuil róbat aici a ghlanfaidh suas an phraiseach is mó. Ní bheidh Mamaí ag tabhairt amach riamh arís! Ach cad a tharlódh dá sórtálfadh an róbat rudaí nár chóir dó? Nó mura mbeadh a fhios aige cá huair ba chóir dó stopadh?



**'Rita agus an Chailleach'**  
**Máire Zepf, Andrew Whitson**  
**An tSnáthaid Mhór**


Is Cailín beag í Rita le smaointe móra. Samhlaíonn sí cailleach a bheith aici agus go mbeidh spraoi agus diabhláocht ar bun acu atá fiáin-gan-srian agus dorcha draíochtach. Ach cad a dhéanfaidh Rita má chuireann an chailleach ruaig ar a cairde? Nó má thugann sí bia lofa le hithe di?






**'Beag Bídeach'**  
**Sadbh Devlin agus Róisín Hehessy**  
**Futa Fata**

Tá grá ag Nína dá dheartháir, Jimí ach, uaireanta cuireann sé isteach uirthi. Go háirithe nuair atá sí ag iarraidh a bheith ag spraoi lena cairde, na babóga. Ba bhreá le Nína bheith bídeach ionas go bhféadfadh sí dul chun cónaithe lena cairde, na bábóg. Nach mbeadh an saol i dteach bábóige, gan Jimí, go hiontach ar fad?!



**'Ar Strae Beagán'**  
**Chris Haughton**  
**Walker Éirinn**

Uth-ó!  
 Thit Ulchabháinín amach as a nead...



**'Binjé: Madra ar Strae'**  
**Patricia Forde agus Brian Fitzgerald**  
**Futa Fata**

Tá Binjé, an madra beag, imithe amú sa chathair mhór. Tá sé ag iarraidh ar a mháistir. Bíonn sé siúd ag obair sa Mhargadh – ach níl a fhios ag Binjé cá bhfuil sé sin. Nuair a chasann sé ar chat cliste darbh ainm di Cloigín, deir síse gur féidir léi cabhrú leis. Ach an féidir? Scéal álainn é seo faoin gcairdeas idir madra beag atá imithe amú ag cat cliste a bhfuil gach rud ar eolas aici- bhuel, beagnach gach rud!